

Déanaimis comparáid idir an dá leagan de theacht an Spioraid Naoimh ar na hAspail sna léachtaí inniu.

Ón Soiscéal, tharla sé ar an lá a d'aiséirigh Íosa – sa tráthnóna. (Sin a chiallaíonn an abairt ‘an chéad lá den tseachtain’.) *San áit ina raibh na deisceabail, tháinig Íosa; d’análaigh sé orthu agus dúirt sé leo: ‘Glacai gí an Spiorad Naomh.’* Ar lá an Aiséirí, sheol Íosa amach na hAspail le bronntanas an Spioraid Naoimh chun cuidiú leo ag dul ar aghaidh leis an obair a thosaigh sé féin. Ach níl sé scríofa gur imigh siad amach láithreach!

Sa gcéad léacht, tháinig an Spiorad Naomh ar na hAspail caoga lá i ndiaidh lá an Aiséirí; bhí an Spiorad Naomh le feiceáil go fisiciúil agus le cloisteáil ag teacht. Agus iad lán leis an Spiorad, d’imigh na hAspail amach láithreach ag seanmóireacht faoi Íosa le muinín agus gan faitíos orthu a thuilleadh.

Sa difríocht seo idir Eoin agus Lúcas, feicim rud éigin maidir leis an Spiorad Naomh inár saol:

Abair gur thóg sé 50 lá don Spiorad Naomh greim a fháil ar na hAspail:

- 50 lá le chéile, ag caint faoi Calvaire agus mar a theagasc Íosa iad agus a réitigh sé iad i nGalilee;
- 50 lá caite ag iarraidh ciall a dhéanamh de gach rud; agus ansin thit gach rud le chéile! Thuig siad!

Théis caoga lá ó bhronn Íosa an Spiorad Naomh ar na deisceabail sa seomra faoi ghlas, bhí siad réidh an seomra a fhágáil agus dul amach, agus dul ar aghaidh leis an obair a thug Íosa dóibh. Ní deisceabail iad a thuilleadh, ach Aspail.

Mar a sheol an tAthair amach Íosa (idir nuair a gineadh Íosa i mbroinn na Maighdine Muire agus an baisteadh sa Iordáin), sheol Íosa an Mac na hAspail amach (idir an Cháisc agus an Chincís), agus seoltar amach muide anois sa gCóineartú le bheith inár nAspail, agus Cincís le teacht lá éigin ina dhiaidh, luath nó mall, go ciúin nó go tobann.

Seasann an 50 lá sin idir an Cháisc agus an Chincís sna scríoptúir don tréimhse sin dúinne idir ár seoladh amach (ár gCóineartú) agus ár dhul amach dáiríre (ár gCincís). Sa tréimhse sin, cuireann an Spiorad Naomh síos fréamhacha ionainn, agus fásann; rud a thógann blianta dúinne a rinne an Cóineartú mar ghasúir.

Tá daoine gan ócáid Cincíse acu fós; níl an Spiorad Naomh fréamhaithe iontu go hiomlán fós. Tá daoine nach bhfeicfidh Cincís; ní féidir leis an Spiorad greim a fháil (Ní féidir leis mórán a dhéanamh) má rialaíonn an peaca croí an duine.

Guí an Phobail

1. Ar son na hEaglaise: go bhfógra sí an Soiscéal i gcónaí; go bhfeice muid Cincís nua san Eaglais sa tír seo.
2. Go gcloise muid an Spiorad Naomh ag treorú muid - faoi mar atá an domhan inniu, ní mar a bhí sé cheanna.
3. Go bhfása muid in eolas ar ár gcreideamh faoi luí an Spioraid Naoimh agus go leana muid ar thuras na naofachta.
4. Ar son na ngasúr faoinár gcúram agus a bhfuil ag brath orainn chun bealach an chreidimh a thaispeáint dóibh: go bhfana siad i dteagmháil linn le go mbeidh seans ag an S.N. ina saol; go raibh toradh agus rath ar an bhfianaise a thugann muid dóibh.
5. Go raibh muid ar fad dílis d'ár mBaisteadh agus d'ár gCóineartú agus ár saol a chaitheamh dá réir.
6. Maidir le daoine a bhíonn ag trádáil i ndrugaí: go n-aithrí siad a mbealaigh.
7. Do na scoláirí atá ag déanamh scrúdaithe: go raibh an Spiorad Naomh mar thacaíocht acu.
8. Do na mairbh: go dtuga siad glóir do Dhia ar ár son i láthair an Tiarna ar neamh.